Brendan Duddy

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhear tábhachtach le linn na dtrioblóidí i dTuaisceart Éireann. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cuireann eachtrannach ceist ort faoi thrioblóidí an Tuaiscirt. Tabhair achoimre an-ghearr (cúpla líne) dó nó di faoi stair an chogaidh i dTuaisceart Éireann.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

documents	_____
hunger strikes	_____
militarily	_____
archive	_____
intermediary / go-between	_____
digitally	_____
during the conflict	_____
in favour of	_____
time of the ceasefire	_____
collaboration / cooperation	_____
(the archive) is a great aid	_____
website	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cérbh é Brendan Duddy?
2. Cén fáth ar luadh na dátaí seo: 1981, 1975 agus na 90idí?
3. Cad a bhí le rá ag an Dr Ó Dochartaigh?
4. Cá bhfuil an chartlann ar fáil?

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú de shéimhiú tar éis réamhfhocail shimplí, mar shampla:

ó ghluaiseacht

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ceist 5 *'…i dtús na nóchaidí…'*

Cuir na focail idir lúibíní sa tuiseal ginideach tar éis na réamhfhocal comhshuite. Cuir na frásaí in abairtí ansin lena mbrí a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

- ag bun (an leathanach)

  Tá fonótaí ar fáil ag bun an leathanaigh.

- ag deireadh (an lá)
- le linn (an choimhlint)
- ar fud (an áit)
- i lár (an rang)
- ó thús (an mhí)
- de bharr (an fhadhb)

Ceist 6 Cén Ghaeilge atá ar ainm na ngrúpaí seo a bhain leis na trioblóidí i dTuaisceart Éireann.

the IRA
the Loyalists
the Paramilitaries
the Republicans
the terrorists

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

documents	cáipéisí
hunger strikes	stailceanna ocrais
militarily	go míleata
archive	cartlann
intermediary / go-between	idirghabhálaí
digitally	go digiteach
during the conflict	le linn na coimhlinte
in favour of	i bhfách le
time of the ceasefire	aimsir an tsosa cogaidh
collaboration / cooperation	comhoibriú
(the archive) is a great aid	*(tá an chartlann)* ina háis iontach
website	suíomh gréasáin

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
ó ghluaiseacht
de cháipéisí
de bharr
ó dhílseoirí
ar thrí ócáid
ar cheann
ar choimhlintí
ar shuíomh

Ceist 5
- ag deireadh (an lá)
  Bím go huile agus go hiomlán scriosta ag deireadh an lae.
- le linn (an choimhlint)
  Maraíodh go leor saighdiúirí le linn na coimhlinte.
- ar fud (an áit)
  Bhí smionagar scaipthe ar fud na háite tar éis phléascadh an bhuama.
- i lár (an rang)
  Thit mo chara i laige i lár an ranga.
- ó thús (an mhí)
  Beidh na torthaí ar fáil ó thús na míosa seo chugainn.
- de bharr (an fhadhb)
  De bharr na faidhbe sin, ní bheidh Seán san oifig amárach.

Ceist 6
the IRA – an tIRA nó Óglaigh na hÉireann[1]
the Loyalists – na Dílseoirí
the paramilitaries – na paraimíleataigh
the Republicans – na Poblachtaigh
the terrorists – na sceimhlitheoirí

[1] Féach gur 'Óglaigh na hÉireann' an Ghaeilge atá ar *the Defence Forces* freisin.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tugtar le fios i gcáipéisí atá ar fáil don phobal inniu gur theastaigh ó ghluaiseacht na bpoblachtánach[2] tabhairt faoin bpolaitíocht i bhfad roimh na stailceanna ocrais i 1981, ach gur cheap rialtas na Breataine go bhféadfaí na poblachtánaigh[3] a chloí go míleata. Tá cartlann Brendan Duddy, a bhí ina idirghabhálaí idir Rialtas na Breataine agus an tIRA, ar fáil go digiteach don phobal ón lá inniu.

Shane Ó Curraighín
Tá cartlann dhigiteach de cháipéisí pearsanta Brendan Duddy ar fáil anois don phobal. Fear gnó i gcathair Dhoire ba ea Brendan Duddy. Le linn na coimhlinte bhí ról rúnda aige mar idirghabhálaí iontaofa idir Rialtas na Breataine agus an tIRA. Chuir an foréigean an oiread sin samhnais ar Brendan Duddy gur shocraigh sé a iarracht féin a dhéanamh leis an tsíocháin a spreagadh. Tá eolas sa chartlann go raibh an tIRA i bhfách le só síochána i 1975 ach tharraing Rialtas na Breataine siar de bharr brú ó dhílseoirí, a raibh Ian Paisley ina gceann. Ar thrí ócáid éagsúla a bhí Brendan Duddy ina idirghabhálaí rúnda: aimsir an tsosa cogaidh[4] i 1975, le linn na stailceanna ocrais agus arís i dtús na nóchaidí.

An Dr. Niall Ó Dochartaigh, Léachtóir le Polaitíocht, OÉG
Sílim go bhfuil sé ar cheann de na cartlanna is tábhachtaí a bhaineann leis na trioblóidí. Tá scoláirí nua, scoláirí óga ag tosú anois ag baint úsáide[5] as. Taispeánann na cáipéisí go raibh an dá thaobh in ann obair lena chéile, fiú amháin le linn na stailce ocrais[6] agus taispeánann na cáipéisí ann an rud céanna. Tá siad in ann teacht ar réiteach agus bhí siad in ann sa deireadh sna nóchaidí oibriú le chéile agus comhoibriú a bheith acu.

Shane Ó Curraighín
Deir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh go bhfuil cartlann Brendan Duddy ina háis iontach acu siúd ar mhian leo réitigh ar choimhlintí a staidéar. Tá fáil ar an chartlann[7] anois ar líne, ar shuíomh gréasáin *Leabharlann Shéamais Uí Argadáin*.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4 i nGaillimh

[2] *poblachtach* an leagan caighdeánach
[3] *poblachtaigh* an leagan caighdeánach
[4] *aimsir an tsosa chogaidh* a deirtear
[5] *ag baint úsáid as* a bheadh ann de réir Chaighdeán Oifigiúil 2016
[6] *an stailc ocrais* a deirtear
[7] Córas Uladh